Der 'mitternächtige Gerichtshof' hat gewissermaſsen einen politischen Grundgedanken, indem der Dichter von der Wiedergeburt der Bevölkerung eine Abhülfe der Unzufriedenheit im Lande und des allgemeinen Elends erhofft. Er wendet aber alles sogleich ins Komische. Sein junges Fräulein beklagt die Säumigkeit der Junggesellen zur Ehe zu schreiten, worunter sie selbst am empfindlichsten zu leiden hat, und den Cölibat, der so viele Heiratsfähige ihrer natürlichen Bestimmung entzieht. Der Alte, den der Dichter einführt, will nach seinen übeln Erfahrungen die Ehe gänzlich abgeschafft wissen und zur Erzielung eines heldischen Stammes, wie in Hanswursts Hochzeit, den Geist der höheren Sphären und 'das Marks der Erde' sich paaren lassen. Bis zur Ausführung der von den beiden vorgetragenen Ideen hat es noch gute Wege. So soll denn wenigstens das unverbesserliche Volk der Hagestolzen in der Person des Dichters dem Unwillen der Schönen zum Opfer gebracht werden. 'Merum sal' — aber man kann nicht umhin manche Ausstellungen an der Dichtung zu machen. Was darin Lästerliches gegen den *ἱερὸς γάμος* gesagt ist, wird man nicht ernst nehmen, da es scherzhaft gemeint ist. Brian greift mit heiterm Behagen in das übervolle Menschenleben hinein, aber es gelingt ihm nicht sich immer in den Grenzen des Schönen zu halten. Wie viel man auch dem trygischen Dichter nachzusehen geneigt ist, der Schimpfreden, in denen er sich so sprachgewandt zeigt, ist hier und dort zu viel, und manch rohes Wort von der Gasse, das er wiederholt, hätte er uns besser verschwiegen. Man hat versucht eine so zügellose Sprache zu entschuldigen. 'There is another sort of indecency', sagt Richard Porson, 'which is infinitely more dangerous, which corrupts the heart without offending the ear'. Die Personen, mit denen wir bekannt werden, stehen auf einer tiefen Stufe; aber es sind Männer und Frauen aus dem irischen

[1]) Eine ziemlich wörtliche, wenn auch nicht buchstäbliche Übersetzung des Gedichtes, die schon vor einem Decennium gemacht, neuerdings aber wieder durchgesehen wurde, ist omissis omittendis weiterhin abgedruckt. Eine englische Übertragung der Cúirt von Denis Woulfe (von Six-mile-bridge in Clare) ist im April bis Mai 1880 in The Irishman erschienen und mir von Herrn Dr. Hyde gütigst mitgeteilt. Es ist jedoch mehr eine Paraphrase (in 868 Zeilen), die den Reimreichtum des Originals nachahmt.

Volke und ohne Zweifel treffend gezeichnet. Wir neigen uns verehrungsvoll vor den Grofsen, die unsere Herzen in die reinen Höhen des Idealen erheben. Aber wenn es die Aufgabe des Dichters ist den Menschen zu bessern und zu veredeln, wer möchte behaupten, dafs dies nicht auch der 'stilus inferior' des Satirikers vermöchte, obwohl er in das Alltägliche, ja in das Gemeine hinabsteigt? Die Hinkjamben des Herondas erweisen sich noch nach 2000 Jahren bedeutender als die kunstvollen Strophen des Timotheos von Milet.

Bei aller Ursprünglichkeit in der Behandlung seines Stoffes ist Merriman Vorgängern verpflichtet. Schon vermutlich 20 bis 30 Jahre vor ihm hatte Donough Roe Macnamara ein komisches Epos von 366 Versen erdacht, in dem er eine angebliche Reise nach Neufundland und, Virgil parodierend, eine Fahrt in die Unterwelt beschreibt. Brian hat diese 'Eachtra Ghiolla an amaráin' wahrscheinlich gekannt und hat sie übertroffen. Mit Visionen und mit der Vorstellung des Feenreiches sind die irischen Dichter seit alter Zeit vertraut. Die Klage über das Unglück und die Not des Vaterlandes ist ein stehendes Thema bei ihnen im 17. und 18. Jahrhundert. Aber auch *An seanduine,* der Alte, der eine Junge heiratet, ist eine häufige Figur in den Gedichten dieser Zeit. 'What can a young lassie do wi' an auld man?' sang damals Robert Burns. Bekannt ist ein irisches Gedicht von Andrew Magrath über den Gegenstand (MP. 1, 23 f.) und eines von Owen Roe, das in der Ausgabe seiner Lieder p. 67 teilweise abgedruckt ist.[1]) Auch der schottische Dichter Ailean Dall († 1829) hat ähnliche Wechselreden zwischen Mann und Weib (Mackenzie, The Beauties of Gaelic Poetry, p. 307 a, 308 a). Und dann ist auch jener Gedanke des 'Divorçons', der bei Brian eine so absonderliche Form annimmt, bei den Iren, wie es scheint, nicht neu. Es findet sich wenigstens die Klage, dafs die römisch-katholische Kirche die Scheidung nicht zulasse, und ein Anonymus (O'Grady, Catalogue p. 593) wünscht von Rom einen Dispens zu diesem Behufe. Ob sich noch sonst Stimmen gegen den Cölibat der Geistlichen erhoben haben, ist mir nicht bekannt geworden.

---

[1]) H. F. Hore erwähnt in einem Artikel über die Barden Munsters 'Satires pungent as Lundy Foot's snuff, pointing out the folly of old men in marrying young wives, and concerning the conduct of the priests, and the rogueries of young women for fashionable dress, and for marriage.' Ulster Journal 7, 97.

Es ist wahrscheinlich, dafs Brian auch aus der englischen Poesie Anregungen empfangen hat. Popes 'Lockenraub', der sich ja freilich in ganz andern Kreisen bewegt, galt als das Muster eines komischen Epos. Sodann hat O'Grady (Catalogue p. 493) auf das Gedicht 'The wanderer, a vision' von Richard Savage hingewiesen. Glücklicherweise hat Brian diesen mittelmäfsigen Poeten nur an ein paar Stellen nachgeahmt, namentlich zu Anfang. Die Klagen, die die Geschlechter gegen einander vorbringen, sind ja natürlich oft der Gegenstand poetischer Behandlung gewesen. Es sei gestattet hier eines der mittelhochdeutschen Streitgedichte zu erwähnen, das Jos. von Lafsberg in seinem Liedersaal 1, 235 ff. abgedruckt hat. Da bringen in einer rechten Cour d'amour die Minnenden ihre Klagen vor den Thron der Frau Venus und eine Frau bezichtigt ihren Geliebten der Untreue, während dieser die gleiche Beschwerde gegen die Frau hat. Der Spruch der Göttin ist auch hier den Frauen günstig.

Ich habe mich zur Herausgabe des Merrimanschen Gedichtes entschlossen, weniger wegen seines Gegenstandes und der Art wie er behandelt wird, als wegen seiner kunstvollen Form und seines Sprachschatzes. Ich beabsichtigte eine Handschrift des Britischen Museums abzudrucken, die mir als vorzüglich erschienen war, aber auch diese erforderte Emendation, und so entstand aus der Vergleichung mit den gedruckten Ausgaben ein kleiner kritischer Apparat, den ich erweitern konnte, als mir der hochverdiente Förderer der irischen Studien, Herr Dr. Douglas Hyde, drei Handschriften des Gedichtes aus seiner Sammlung mitteilte. Laus illi debetur et a me gratia maior. Ich habe diese Handschriften genau verglichen und ihre irgend bemerkenswerten Varianten, gleichsam als ein Specimen der allgemeinen Textbeschaffenheit, zusammengestellt. Ich suchte auch die Sprache der Cúirt zu bewältigen, die wegen ihres zum Teil unerklärten und ungebuchten Wortreichtums viel Schwieriges hat, wie denn O'Curry selbst gesagt haben soll, dafs ihm manche Stellen nicht verständlich seien. Mein Glossar wird über das Einzelne Auskunft geben. Über eine Anzahl Wörter durfte ich Herrn Dr. Richard Henebry befragen und ich verdanke seiner Gefälligkeit manche Belehrung.

Die 'Cúirt an mheadhóin oidhche' ist Jahrzehnte lang in vielen Handschriften verbreitet worden, die nicht unerheblich von einander abweichen. Es fanden sich Poeten, die Zusätze zu

dem Gedichte machten und es fast bis auf das Doppelte seines ursprünglichen Umfangs ausdehnten. Die spätesten Handschriften scheinen sich von dem eigentlichen Texte am weitesten entfernt zu haben. Wenn man beachtet, mit welcher Mühe Brian seine Verse gefeilt hat, dann wird man die Zusätze, die ihm nicht gehören, leicht unterscheiden können. Seine künstliche und doch so gefällige Art war schwer nachzuahmen.

Die Texte, die ich benutzt habe, sind die folgenden:

A Die erste Ausgabe unter lateinischem Titel [1]) erschien zu Dublin in den funfziger Jahren des vorigen Jahrhunderts 'for private circulation' anonym. Aber unter dem Herausgeber Tomás mac Lópuis verbirgt sich ohne Zweifel der Buchhändler John O'Daly und Dr. Hyde besitzt sogar noch Korrekturbogen des Buches mit Bemerkungen von O'Dalys Hand. Der Text umfaſst 1059 Verse; er beruht offenbar auf jüngern Handschriften und hat in der Orthographie geändert, hier und dort auch andere Wörter eingesetzt. Gegen die Regeln des Reimes und des Rhythmus verstöſst diese Ausgabe ebenso wie gegen die der Volkssprache.

B Eine zweite Ausgabe erschien 1893 in Dublin.[2]) In dieser, die im wesentlichen den Text der ersten übernimmt, ist die Sprache zum Schaden der poetischen Form noch mehr geändert worden und das Ganze durch Zusätze auf 1089 Verse gebracht. Das Buch hat ein kleines Vokabular, das das Verständnis in dankenswerter Weise erleichtert hat; doch sind nicht wenige Schwierigkeiten des Textes ungehoben geblieben. Kritisch sind diese beiden Drucke nicht. Darüber läſst die gleich zu erwähnende Handschrift keinen Zweifel.

C in dem Ms. Egerton 111 des Britischen Museums, einer Sammlung neuirischer Gedichte, die in O'Grady's Catalogue

---

[1]) Mediae Noctis Consilium. Auctore Briano Mac-Gilla-Meidhre, de Comitatu Clarensi, in Momonia. D. A. MDCCLXXX. Poema Heroico-Comicum, quo nihil aut magis gracile, aut poeticum, aut magis abundans in hodierno Hiberniae idiomati exolescit. Curtha a gclódh le Tomás mhic Lópuis, ag loch an Chonblaig Oghair. MDCCC. 32 pp. kl. oct. Einen neuen Titel zu der Auflage druckten M. H. Gill and Son, Dublin 1879.

[2]) Mediae Noctis Consilium. Cúirt an mheadhoin oidhche le Briain mac Gialla Meidhre. 'Zweiter Abdruck, sorgsam verbessert und verglichen mit den besten Kopieen dieses Gedichts in den Handschriften der Königl. Irischen Akademie.' Der Herausgeber ist Patrick O'Brien. 45 pp. kl. oct.

p. 493 ff. vortrefflich beschrieben ist. Der Codex wurde nach 1818 für James Hardiman von Finghin O'Scannail angefertigt. Dieser Schreiber, der vermutlich in der Grafschaft Kerry gelebt hat, war nicht nur sorgfältig, wie seine Hand zeigt, sondern auch ein guter Kenner der Sprache und selbst ein Dichter. (Vergl. P. Dinneens Cill Áirne, 1902, p. 57 ff.) Seine Schreibweise widerstreitet oft aller Etymologie und nach der historischen Grammatik ist sie nicht gebildet. Sieht man aber näher zu, so zeigt sich, dafs sie höchst sauber alle Feinheiten des rhythmischen Metrums darzustellen sucht und dafs die sprachlichen Formen durchweg im Gebrauche des Volks von Munster gegründet sind. Ob dieser Text von 1026 Versen, von denen jedoch die Verse 658 und 976 versehentlich ausgelassen sind, den des Dichters genau wiedergibt, ob dieser nicht selbst verschiedene Ausgaben seines Werkes gemacht hat, ist heute schwer, wo nicht unmöglich zu entscheiden. Das Eine aber ist sicher, dafs O'Scannails Abschrift besser ist als die beiden vorliegenden Drucke, und aus diesem Grunde ist sie unserer Edition zu Grunde gelegt.

D ein Fragment von 13 Blättern in klein Quart, die als Seite 3—28 gezählt sind, im Besitze D. Hydes. Diese sorgfältige Handschrift, wie es scheint, aus dem Ende des 18. Jahrhunderts, umfafst nur die Verse 46—695 des Gedichts und kommt dem Texte O'Scannails sehr nahe. Schon die Übereinstimmung dieser beiden ältesten Handschriften in bemerkenswerten Einzelheiten beweist, dafs sie dem Texte des Originals besser entsprechen als die erwähnten gedruckten Ausgaben.

E eine Handschrift D. Hydes, 38 Seiten in Folio auf starkem Papier, in grofsen Charakteren 1829—1830 von Tomás O'Gormáin geschrieben. Dieser 'Tomas O'Górman Innis clair Tuamhán' aus Ennis, wie er sich nennt, war anscheinend ein sehr junger Mann; seine Abschrift, die übrigens oft die guten Lesarten von *C* wiederzugeben scheint, ist schlecht und wimmelt von Flüchtigkeiten und Mifsverständnissen jeder Art. Er ist vielfach eigenmächtig verfahren, liebt z. B. die starke Schreibung statt der schwachen (gluasacht statt gluaiseacht), vernachlässigt das 'Caol le caol' und setzt *e* im Auslaute gern für *a*. Für 'verte' schreibt er am Ende mehrerer Seiten 'iompuig anón, a fhir mhaith'. Sein Text hat einen Zusatz von lokaler Färbung und umfafst 1026 Verse.

F eine Handschrift D. Hydes, 18 Oktavblätter, die von einem Hefte losgelöst sind, anscheinend viel gelesen. Dieser Text

der Cúirt, der 1063 Verse lang ist, stammt aus der ersten Hälfte des vorigen Jahrhunderts; als Schreiber nennt sich am Ende Michael Lynch in Ballyhani in der Grafschaft Cork. 'Críoch mar do fúarrus reomham air na sgriobh le Micheal Ó Lóinse ó Bhallaidhcháin agus sirim guídhe an léightheora air son Dé agus m'anama.

> A éigse sruith leigheanta, aithcim bhurr nguídhe
> Gan mo shaothar a cháine má thigean 'nbhurr slíghe,
> Mar na fuil aonne ansa tsaoghalso dá challamacht gnaoí,
> Ná fuil easba beag eigin na bheatha le ríomh.'

Dies ist der jüngere Text des Gedichtes, wie er in *A* und *B* vorliegt, er hat auch fast alle Zusätze dieser Ausgaben. Eine Eigentümlichkeit seiner Orthographie ist es, daſs die Liquiden *l, m, n* und *r* im In- und Auslaut stets geminiert erscheinen. Für das auslautende *g* wird fast regelmäſsig *cc* geschrieben, so daſs eine Verwechselung mit *gh* nicht möglich ist.

Das sind freilich nur wenige Hülfsmittel zur Herstellung der Cúirt, aber es ist meine Meinung, daſs neben dem Texte O'Scannails, der durch *D* bestätigt wird, die abweichenden Handschriften nur geringe Bedeutung haben. Der Prüfstein für die richtigen Lesarten des Gedichts ist der Rhythmus und der munstersche Dialekt des Irischen. Man erwarte daher nicht hier den Text nach dem Vorbilde der Schreibart Keatings gemodelt zu sehn. Das Gedicht ist in der Vulgärsprache abgefaſst und sollte darin bleiben. Diese Sprache verträgt nicht viel Reglementierung und Uniformierung; sie gebraucht in vielen Fällen nicht nur verschiedene Schreibungen, sondern auch mehrere Lautformen desselben Wortes neben einander und der Dichter wählt daraus die, die ihm gefällt. So findet sich in der Cúirt z. B. die gewöhnliche hochirische Form *táim* 'ich bin' als Reim zu *fáith* und die vulgäre *taoim* als Reim auf *teinn*; für den Dativ wird bald die Form *taoibh* und bald *taobh* gebraucht, je nachdem der Reim es verlangt; man hat den Plural *lámhanuighe,* wo er auf *fáinighe* reimt, und daneben *laoimhne,* das den Reim zu *grís* bildet. Ich habe dem Gedichte den volkstümlichen Charakter zu wahren gesucht, glaubte aber den Handschriften in ihren willkürlichen Abweichungen vom Gewöhnlichen nicht ohne Unterscheidung des Wesentlichen vom Unwesentlichen folgen zu sollen.

Cúirt an mheadhóin oidhche.

I.

Bo gnáith mé ag siubhal le ciuimhis na habhan
Ar bháinseach úr 's a' drúcht go tromm
A naice na gcoillte, a gcoim a' tsléibh'
Gan mhairig, gan mhoill ar shoillse an lae.
5 Do ghealach mo chroidhe, an uair chín Loch Gréine,
An talamh 's a' tír is íoghar na spéire,
Taithniomhach aoibhin suidheamh na sléibhte
A' bagairt a gcinn tar dhruím a chéile.
Do ghealfach an croidhe bheidh críon le cianta,
10 Caithte gan bhrígh nó líonta do phianta.
An séithlioch searbh gan sealbh, gan saidhbhreas
D' fhéachfach tamal tar bharra na gcoillte;
Ar lachain 'na sguainte ar chuan gan cheó
'S an ala ar a bhfuaid is í 'gluaiseacht leó.
15 Na héisg le meidhir ag eirghe a náirde,
Péirse am' radharc go toidhbhseach táirrbhreac;
Daith an locha agus gorm na dtonn
A' teacht go tologach toronach tromm.
Do bhíoch éanla a gcroinn go meidhireach modhmhar,
20 Is léimnioch eillte a gcoillte am' chomhangar;
Géimrioch adhairc is raidhirc ar shlóighte,
Is tréan-rith gaidhir is *Reynard* reompa.
Ar maidin anae bhí an spéir gan ceó,
Bhí *Cancer* ó an ngréin iona caorthaibh teó,
25 Is í gobhtha chum saothair tar éis na hoidhche
Is obair an lae sin réimpe sínte.
Bhí duilleabhar craobh ar géaga am' thimpchioll,
Fiorthan is féar go slaodach taoibh liom,
Glasara fás is bláith is luibh'na,
30 Sgaipfeach le fán dá chráidhteacht smaointe.

Do bhí mé cortha 's an codladh dom' thraochadh,
Shín mé thorm ar cortham 'san bhféar glas
A naice na gcrann, a dteannta trínse,
Taca lem' cheann, is mo hannlaibh sínte.
35 Ar cheangal mo shúil go dlúith le chéile,
Greamuighthe dúnta a ndubhghlas néalta,
Is m' aghaidh agam fuilighthe ó chuile go sásta,
A dtoidhbhreadh d'fhuilinn mé ann cuilighthe cráidhte,
Do chorraig, do lomm, do pholl go haodh mé
40 Am' chodladh go tromm gan mheabhair, gan éirim.
Bo gairid mo shuan 'nuair chualas, shíl mé,
An talamh má gcuairt ar luasgadh am' thimpchioll,
Anafadh a dtuaig is fuadach fíochmhar
Is calaighthe an chuain ag tuargaint tinnte.
45 Siolladh dom' shiúil dár sheamhluigheas uaim,
Do chonarcas chugham le ciuimhis an chuain
An mhásach bholagach tholagach thoidhbhseach,
Chnámhach cholagach dhorraigioch ghoideach.
A héirde ceart, má mheas mé díreach,
50 Sé nó seacht do shlata is fuighlioch;
Péirse beacht dá brat ag sraoilleadh
Lé 'san tslab le drab is ríobull.
Bo mhuar, bo mhear, bo fiadhain le féachaint
Suas 'na héadan créachtach créimioch.
55 Bo anafadh ceanntair, sgannradh saoghalta
A draid 's a dranndal manntach méirsgeach.
A Righ gach mádh! bo láidir líomhtha
A bioma láimhe is lán-staf innte,
Is comhartha práis 'na bharr ar spíce
60 Is comhachta báille a náirde air sgríobhtha.
Adubhairt go dorraigioch d'fhocalaibh dána:
«Músgail! corraig, a chodlataig ghrána!
Is dubhach do shlighe bheith sínte ad' shliasta,
Is cúirt 'na suidhe 's na mílte 'triall ann.
65 Ní cúirt gan acht, gan reacht, gan riaghail,
Ná cúirt na gcreach mar chleacht tú riamh
An chúirt seo ghluais ó shluaighte séimhe,
Acht cúirt na dtruagh, na mbuadh 's na mbéithe.
Is muar le maoidheamh ar shíolrach Éibhir
70 Uaisle sídhe, mar shuidh'dar d'aon-ghuith

Dhá lá is oidhche ar bheinn an tsléibhe
A bpálás bhuidheanmhar Bhruidhin Mhoigh Gréine.
Is dangan do ghoill sé ar shoillse an Rígh
Is ar mhaithibh a theaghalaig thoidhbhsig sídhe
75 Is ar imhir na buidhine bhí iona ndáil,
Mar d'imig gach díth ar chríochaibh Fáil,
Gan sealbh, gan saoirse ag síolrach seannda,
Ceanas a ndlighe ná cíos ná ceannphuirt.
Sgriosag an tír is níl 'na ndiaig
80 A nionad na luibh'na acht flíoch is fiadhaile;
An uaisle b'fhearr chum fáin mar leighiodar
. Is uachtar-lámh ag fáslaig shaidhbhre,
Fealladh le fonn is foghail gan féachaint,
D'fheannadh na lobhair is an lomm dá léirsgrios.
85 Is docarach dubhach mar dhiú gach daoirse
Doilibhe dúir a nduibhcheilt dlighthe,
An fann gan feidhm ná faghaig ó aon-ne'
Acht clampar doimhin is luighe chum léirsgris;
Fallsacht fear-dlighe is fachnuighe árd-nirt,
90 Camm is calaois, faillíoth is fábhar,
Sgamal an dlighe agus fíor-dhaith fann-chirt,
Dalladh le bríbh, le *fees,* le fallsacht.
Farradh gach fíor agus fuighiol níor fágadh,
Dearbhag díblidh ar bhíobla an lá sin.
95 «Cúis, dár ndóigh, ná geabhair-se saor tríd,
Cnú na hóige dhá feodh le faolraois.
Is easnamh daoine suidhte ar Éire,
Mheath led' chuimhne an síolrach daona.
Is folamh 's is tráighte fágadh tíortha,
100 An cogadh 's an bás gan spás dá ndíogadh,
Uabhar na ríghthe is ar imig tar sáile,
An uair ná deinion sibh tuilleadh iona náit díobh.
Is nár bhur niomad gan sioraig, gan síolrach,
Is mná 'na murar ar muir is ar tíorthaibh,
105 Cúinsig chorportha is borracaig óga
Is bunnsaig bhrothalach fola agus feóla,
Lóistig liosta agus licighthig shásta
Is mórgaig shiosguighthe d'imig a bhásta.
Is truagh gan torrathas tollairighe an tsórt seo,
110 Is truagh gan toramach brollaig is bóta iad.

Is minic iad ollamh, an focal dá bhfaghdaois,
A' titim dá moguill, is molaim-se a bhfaidhne.
«'S é ciniodh le saoithe, a gcríoch na comhairle,
A gcoinne na daoirse d'innsiodh dóibh-sin,
115 Duine do'n bhuidhin seo líonta a gcomhachta
Ar thuitim an dísle shuidheamh go Fodhla.
Tairigion Aoibhioll, croidhe gan claon-bheart,
Cara na Muimhneach, sídh-bhean Léith-chraig,
'Sgaradh le saoithibh sídhe na sluagh seo,
120 Sgathamh a sgaoileadh daoirse a dTuadhmhain seo.
Gheall an mhíonla chaoin-tais chóir seo
Fallsacht dlighe do chlaoidheamh go comhachtach,
Seasamh a dteannta fann is fánlaig,
Is caithfig an teann bheith ceannsa tláith libh.
125 Caithfig an neart gan cheart seo stríocadh
Is caithfig an ceart 'na cheart bheith suidhte.
Geallaim-se nis nach clis ná comhachta,
Caradas *miss* ná *pimp* ná comhdhalta,
Shiubhailfeas trídh an dlighe seo ghnáith
130 'Sa' gcúirt 'na suidhfig an siolrach neamhdha.
Tá an chúirt seo seasamhach feasta 'san bhFiacail,
Siubhail-se is freagair í! caithfidh tú triall ann.
Siubhail gan tafan go tapa ar do phriachail!
Siubhail! nó stracad 'san lathaig am' dhiag thú.»
135 Do bhuail sí crúca am' chúl 's am' chába,
Ghluais chum siubhail go lúbach láidir,
Sgiob lé síos mé tríd na gleannta
Chnuic bhán-bhuidhe 's go beinn an teampuill.
Is deimhin go bhfeaca mé ar lasadh le tóirsibh
140 An teaghalach taithniomhach maiseamhach mórthach,
Soillseach seasamhach lannamhail lommrach,
Toidhbhseach taithiogach dangan deagh-dhóirseach.
Chonairc mé an tsídh-bhean mhíonla bhéasach
Chumais 'na suidhe ar bhinnse an tsaor-chirt.
145 Chonairc mé gárda láidir luaimneach,
Iomadach árracht tarrtha suas lé.
Chonairc mé láithreach lán-teach líonta
Ó mhullach go lár do mhná is do dhaoine.
Chonairc mé spéir-bhean mhaorga mhall-ruisg,
150 Mhilis bhog bhéal-tais mhéar-lag mhealltach,

Thaithniomhach shásta tháclach fhionn,
'Na seasamh a náirde ar chlár na mionn.
·Bhí 'gruag lé sgaoilte síos go slaodach
Is buaidhreamh suidhte fíor 'na féachaint,
155 Fuinniomh 'na raidhirc is faghairt 'na siúile
Is fiuchadh le drainn uilc aighinis fútha,
A caoint dá cosg le losgadh cléibh
Gan gíog 'na tost acht tocht dá traochadh.
B'fhurast a reádh gur bás bo rogha lé,
160 Is tuile gan tlás a' tál go tromm lé,
'Na seasamh ar lár an chláir 'na soighid,
Is í 'greadadh na lámh 's a' fásgadh a laidhior.
Ann-sin 'nuair ghoil sí folcuighthe fíochmhar
Is d'fhuasgail osnaidhe goithighe a caointe,
165 D'imig an smúid is d'iompaidh snódh uirthe,
Thriomaig sí a gnúis is dubhairt mar ineósad:
«Míle fáilte is gárdas cléibh reomhat!
Aoibhioll, fáig-bhean ársa ó'n Léith-chraig,
A shoillse an lae 's a rae gan caoimse,
170 A shaidhbhris saoghalta a ngéibhin daoirse,
A cheannasach bhuadhach ó shluaighte an aoibhnis!
Bo easnamh cruag thú a dTuadhmhain 's a dtír Luirc.
Cúis mo cháis is fáith mo chaointe,
Cúis do chráig mé is d'fhág mé claoidhte,
175 Bhain dom' threóir mé is sheóil gan chiall mé
Is chaith mar cheó mé dóite pianta:
Na sluaighte imighion gan chríoch, gan chaomhna
Ar fuaid an tsaoighil seo d'fhíor-sgoith béithe
Iona gcailleacha dubha gan comhdach céile,
180 Caithte gan clú, gan cionnta claon-bhirt.
Is aithne dhom féin 'san méid seo am' shiubhalta
Bean agus céad nár mhéin leó a dhiúltadh
(Is mise 'na measg, mo chreach! mar táim-se!),
D'imig 'na spaid gan fear, gan pháiste.
185 Mo dhochar, mo dhógh, mo bhrón, mar bhíom!
Gan sochar, gan seóid, gan sógh, gan síth,
Go doilibhir duaibhseach duadhmhar dítheach,
Gan chodladh, gan suan, gan suaircis oidhche,
Acht masluighthe a mbuaidhirt gan suaimhnis sínte
190 Ar leabain leamhfhuar dár suathadh ag smaointe.

«A cháig na Carraige! breathain go bíodhacach
Mná na Banabha a nanachra suidhte!
Ar nós má leanfhaid na fearaibh dhá bhfuadar,
Ó mo lagar! acht caithfiom-na a bhfuadach.
195 'S é amm ionar mhéin leó chéile phósadh
An tamm nár mhéin le aon-ne' gabhail leó,
An tamm nár bh'fiú a bheith fútha sínte
Seanndaig thúnda shúighte chlaoidhte.
Dá dtiteach amach le teas na hóige
200 Duine fa an seacht ar theacht fiosóige,
Ceangal le mnaoi ní mín-tais thoighfig,
Taithniomhach shuidhte 'shíol ná dh'fhoghlaim,
Chlódh-dheas chaoin ná míonla mhánla,
A mb'ól di suidhe nó tigheacht do láithir;
205 Acht dionantach odhar ná donn doilighiosach,
Chruinnig le doghruinn, cabhair nach cuibhe dhò.
Is sé chrádhaig mo chroidhe 's do sgaoil gan chéill mé
Is d'fhág mo smaointe is m'inntin traochta,
Tráighte teinn mar taoim go tréith-lag,
210 Cásmhar claoidhte, a' caoi 's a' géar-ghol;
'Nuair chím preabaire calma croidheamhail,
Fuadrach fearamhail barramhail bríoghmhar,
Stuama feasamhach seasamhach saoidheamhail,
Gruaidh-dheas greanamhar geanamhail gnaoidheamhail;
215 Nó buachail bastalach beachanta brôg-dheas,
Cruadh-cheart ceanasach ceapuighthe córach —
Buaidhte ceanuighthe ceangailte pósta
Ag fuaid, ag caillig, ag aimid nó ag óinmhid;
Nó ag suairle salach do chaile gan tionnsgal,
220 Stuaiceach stailliocach aithisioch stúncach,
Suaithteach sodalach focalach fáigeamhail,
Cuartach codlatach goirrigioch gráineamhail.
Mo chreach is mo lot! tá molt míbhéasach,
Caile na gcos is folt gan réidhteach,
225 Dá ceangal anocht — 's é loisg go léir mé,
Is cá bhfuil mo locht ná toghfaidhe réimpe?
«Créad an tadhbhar ná tabharfaidhe grádh dham,
Is mé comh leabhair, comh modhamhail, comh breágh seo?
Is deas mo bhéal, mo dhéad 's mo gháire;
230 Is geal mo ghné is tá m' éadan tláith tais;

Is glas mo shiúil, tá m' úrla sgáineach
Bachalach búclach cúplach fáineach;
Mo leaca is mo ghnúis gan smúid, gan smáchal,
Tarraingthe cumtha lionnrach sgáithmhear;
235 Mo phíob, mo bhrághaid, mo lámha, mo mhéaraibh
Ag síorbhreith barr na háille ó chéile.
Féach mo chomm! nach leabhair mo chnámha?
Níl mé lomm ná cromm ná stágach.
Seo toll is cosa agus colan nach nár dhom
240 'S an togha go socair fa *cover* ná tráchtaim.
Ní suairle caile ná srangaire mná mé,
Acht stuaire cailce tá taithniomhach breágh deas;
Ní sraoill ná sluid ná luid gan fásgadh,
Smaoiste duirc gan sult, gan sásamh,
245 Lóiste lobhtha ná toice gan éafacht,
Acht óigbhean sgubhtha comh tobhtha 's is féidir.
«Dá mbein-se silte mar thuilleadh dhom' chomharsain,
Leighiobach liosta, gan tuigsint, gan eólas,
Gan radhairc, gan gliocas a nimirt mo chórach,
250 Mo threighid! cá ar mhiste mé rith a néadóchas!
Ní fheacathas fós mé a gcomhangar daoine
Ag faire ná ag tórramh óg ná críona,
Ar mhachaire an bháire, an ráis ná an rínce,
A bhfarradh na dtáinte ar bhánta líonta;
255 Acht gobhtha go sámh, gan cháim ar domhan,
A gculaithe shásta ó bharr go bonn.
Beidh a cheart am' chúl do phúdar feillte,
Starch is stiúir a gcúl mo choipe;
Húda geal gan ceal ribínighe,
260 Gúna breac 's a cheart rufuighe leis.
Is anamh go brách gan fásáil aorach
Taithniomhach breágh lem' cheárdán craorag,
Is an-iomdha luibh'na, craoibhche is éanla
Am' aparún síogach ríogach *cambrick*;
265 Sála cumtha cumhanga córach
Árda sleamhaine ar *screw* fam' bhróga;
Búchluighe is fáinighe is lámhainighe síoda,
Fúnsuighe, práislighe is lásuighe daoire.
«Seachain ná síl, gur sginnteach sgáithmhear,
270 Aimid gan ghaois ná naoidhindioch náirioch

Eagalach uaigneach uallach fhiadhain mé,
Gealach gan guais, gan stuaim, gan tiagar.
A bhfalach ní raghain-se ó raidhirc na gcéadta,
Is ceanasach toidhbhseach m'aghaidh agus m'éadan.
275 Is dearbhtha bhím dom' shíor-theasbánadh
Ar mhachaire mhín gach fíor-iomána,
Ag rínce, báire, rás is radaireacht,
Tinnte cnámh is ráfladh is ragairne,
Aonach, maragadh is aifrion domhnaig,
280 Ag éiliomh breathnuighthe, ag amharc 's a' togha fir.
Chaithios mo chiall le fiadhach gan éafacht,
Dhalladar riamh mé 's do iadhadar m'aodh ionam;
Tar éis mo chumain, mo thurrain 's mo ghrádh dhóibh,
Tar éis ar fhuilinn mé do iomada crádhnais,
285 Tar éis ar chaillios le cathamh na sgáluighe,
Béithibh balabha is cailliocha cártuighe.
«Níl cleas dá mb'fhéidir léaghadh ná trácht air,
Le teacht rae nó tar éis bheith lán di,
An inid ná am Sheamhain ná ar shiubhal na bliadhna,
290 Ná tuigim gur leamhas bheith 'siúil le ciall as.
Níor áil liom codladh go socair aon uair díobh
Gan lán mo stoca do thorthaibh fam' chluasa.
Is deimhin nár obair liom trosgadh le cráibhtheacht,
'S greim ná blogam ní shloigin trí tráithe.
295 A naghaidh na sroithe do thomain mo léine,
'Siúil trém' chodladh le cogar óm' chéile.
Is minic do chuadh mé 'sguabadh ó an stáca,
M' inginí is gruag fa luaith-ghrís d'fhágain.
Chuirin an tsúist fa chúil na gaibhle,
300 Chuirin an reamhan go ciúin fa an aidhirt chu'm,
Chuirin mo chuigiol a gcillín na hátha,
Chuirin mo cheirtlín a dtein-aoil Rághnail;
Chuirin an ros ar chorp na sráide
Is chuirin 'sa' tsop fúm tor gabáiste.
305 Níl cleas acu siúd dá ndubhras láithreach,
Ná tagarain cumhna an deamhain 's a bhráithre.
'S é fáith mo sgéil go léir 's a bhrígh dhuit,
Táim gan chéile tar éis mo dhíchill.
Fáith mo sheanachas fhada, mo phian-chreach!
310 Táim a nacharan daingion na mbliadhanta,

A' tarraint go tréan ar laothaibh liaithe,
Is eagal liom éag gan aon-ne' am' iarradh.
«A phéarla ó Pharrathas! sgreadaim is glaodhaim ort,
Éiric m'anama ort, aicim thú is éighim ort!
315 Seachain ná sgaoil mé am' shraoill gan áird,
Ná am' chaillig gan chríoch, gan bhrígh, gan bhláith,
Gan chairid, gan chloinn, gan choim, gan cháirde
Ar theallachaibh drainn, gan feidhm, gan fáilte.
Dar a bhfuil impe tinnte is tóirneach,
320 Mealladh mé suidhte maoidhte am' óinsig!
Sealbh gach sógh ag rogha gach diú
Is ag ainimh na Fodhla ós comhair mo shúil.
Tá sumach ag Saidhbh go saidhbhir sómach,
Murrain a meidhir 's a haghaidh ar a nóchar;
325 Mór is Mairsile a machanas múchta,
Is mór-chuid magadh ortha is fachanaid fúm-sa.
Is giodamach sámh í Sláine is Síle,
Sisile is Áine is ál 'na dtimpchioll;
Tuilleadh mar táid do mhná na tíre
330 Is mise mar táim gan tál, gan tsiolrach.
«Is fada gan feidhm is foidhne dhomh-sa é,
Lagar am' laigheadh is mo leighios am' chomhachtadh
Maille le luibh'na díblidh dreoighte
'S arthana draoidheachta chlaoidhfios fós dom
335 Buachail deas nó gas galánta
Is bhuaidhfios ceart a shearc 's a ghrádh dhom.
Do chonarc go leór do'n tsórt dá dhéanamh
Is chuirfin a gcóir na comhangair chéadhna.
Is daingion an cumhna a' dúbailt daoine,
340 Greamana dh' ubhala is púdar luibh'na,
Magairlín meidhireach, meil na mbualtaibh,
Tathaigin toidhbhseach, toill na tuairte,
Mealladh na mínseach, claoidhiomh na mbunnsach,
An cumainín buidhe 's an draoidheacht chum drúise,
345 Duilleabhar dóite ar nós gur rún é,
Is tuilleadh dho'n tsórt nach cóir a mhúnadh.
Bo iongantas muar a dTuadhmhain le chéile
An bhruinneal so shuas ag buadhchant céile,
Is d' innis sí dhomh-sa dhár ndóigh tré rún
350 An inid is í pósta ó bhórd na Seamhun,

Nár ith is nár ól an foghantach fionn
Acht cuile na móna dóite ar lionn.
Is fada mé 'faidhne, faighim-se fuaisgilt,
Seachain ar mhoill mé, soighid chum luais é!
355 Mura bhfuil leighios dom' threigid ad' chuairt-se,
Cuirfidh mé faighirt a bhfeidhm, má's cruadh dom.»

II.

Preaban anuas go fuadrach fíochmhar
Seanduine suarach is fuadach nimhe fé,
A bhoill ar luasgadh is luas anáile air,
360 Drainn is duais ar fuaid a chnámha.
Bo dreóil an raidhirc go deimhin do'n chúirt é,
Ar bórd 'na thoidhbhse dhom' eistiocht dubhairt sé:
«Dochar is díoghbháil is síorchrádh cléibh ort,
A thoice le míostáid, a shíol gádh' is déirce!
365 Is dóch nach iongantas luigeacht na gréine
Is fós gach tiobaist dár imig ar Éire;
Mar mheath gach ceart gan reacht, gan dlighe again,
Ár mbadh bhí bleacht gan lacht, gan laoigh acu.
Is dá dtagach nís mó do mhór-sgrios tíorthaibh,
370 Is gach faision dá nuadhacht ar Mhóir is ar Shíle.
A thoice gan chríoch, nach cuimhin le táinte
Olcas ná síolrach daoine ó dtángais?
Gan focal le maoidheamh ad' shínsir grána
Acht lopaig gan bhrígh, lucht mír is mála!
375 Is aithne dhúinne an snúibhre is aithir dhuit,
Gan chairid, gan chlú, gan chúl, gan airgiod,
'Na leibide liaith gan chiall, gan mhúnadh,
Gan mheidir, gan mhiais, gan bhiaidh, gan únlan,
Gan faice ar a ghobhal is a dhromm gan cóta,
380 Acht gad ar a chomm 's a bhonn gan bróga.
Creidig, a dhaoine, dá ndíoltaoi ar aonach,
Eision 's a bhuidhean, tar éis íoc gach éilimh,
Dar colan na naoimh, bo díchioll muar dhó
Pota maith dígh' le an fhuighlioch fhuaisgilt.
385 «Nach muar an tobhacht 's an gleó measg daoine
Truadaire ad' shórt gan bhó, gan caoire,
Búcluighe ad' bhróga is clóicín síoda ort

Is ciarsúir póca a' gabhail na gaoithe!
Dallair an saoghal go léir led' thoidhbhse,
390 Is aithne dom féin tú ar dtaobh le cioipe.
Is deacair dhom labhairt do lomm, is léir dhom,
Is fada do dhromm gan cabhair na léine;
Is togha droch-dhuine do thuigfeach 'na gádh thú,
Is feabhas do riufuighe led' mhuinthirle *cambrick.*
395 Tá canáfas saor chum sraod go bhásta,
Is cá fios do' tsaoghal nach *stays* é ad' fhásgadh?
Feicion an tír ort frínse is fáine
Is ceilion do laoimhne grís is gága.
Aithris ar bórd nó ineósad féin é,
400 An fada nár ól tú deóir led' bhéile?
A chonartaig bhoicht na gcos gan únladh,
Dochar ad' chorp le *bucks* gan únlan.
Is furas dar liom dod' chúl bheith toidhbhseach!
Chonarc lem' shiúile an chúil 'na luighean tú:
405 Garbh ná mín, ní síntear fút ann,
Barrach ná líon dár sníomh le túrna;
Acht mata 'na smuirt gan chuilt, gan chlúideamh,
Dealbh gan luid, gan phluid, gan tsúsadh,
A gcomhar botháin gan áit chum suidhe ann,
410 Acht súgh sioláin is fásgadh aníos ann.
Fiadhaile 'teacht go freas gan caoimse
Is rian na gcearc ar trasna sgríobhtha;
Lag iona dhromm 's na gobhla a' lúbadh
Is clagarnach dhonn go tromm a' túirlint.
415 «A chumain na bhfáig! nach árd do labhair sí?
Gustalach gálbhach garrtha ghabhan sí
A ndaithibh, a gcóir 's a gclóca síoda,
Faire go deó rú! fóil, cá ar fríth é?
Aithris, cá bhfaighion tú an raidhirc so maoidheamhaint?
420 Is aithris, cá ar thoill tú an leighiobh gan bhrígh seo?
Is deacair a shuidheamh gur fríth go cóir iad,
Is gairid ó bhís gan síol an órlaig!
Aithris, cá bhfuair tú luach do húda?
Is aithris, cá bhfuair tú luach do ghúna?
425 Acht leagamaoid uain mar ghluais an cóta —
Is aithris, cá bhfuair tú luach na mbróga?

«Aoibhioll cheanasach, charthanach, chomhachtach,
Guidhim thú, gairim thú, freagair is fóir é!
Is fíor gur feasach mé, feararuighe Fodhla
430 Luighte greamuighthe ag sladaruighe dho'n tsórt seo.
Lámh mo charad! is aithne dhom comharsa
Láimh le baile again, gairid do chomhangar,
Buachail soineanta srioimile sóntach,
Buailiodh duine acu chuige mar nóchar.
435 Is searbh lem' chroidhe, an uair chím am' radharc í,
A gradam, a críoch, a puimp, a toidhbhse.
Sealabhach bó aice is órna fás di,
Airgiod póca is ór idir lámha aice.
Chonairc mé anae í ar thaobh na sráide,
440 Is cumasach tréan an léire mná í,
Malfaire másach mágach magamhail,
Marbh le cámus, lán do ladamhus.
Mur-ach gur claon liom éad do mhúsgailt,
Sgannal do sgéith ná sgéalta sgrúdadh,
445 B'fhuras dom innsint cruinn mar chuala
An cuma iona mbíoch sí sraoillte suaithte,
Stracuighthe ar lár, is gáir 'na timpchioll,
Caithte ar an sráid nó a stábla sínte.
Mairfig a tásg is tráchtfar choidhche
450 Ar mharanadh, ar cháil, ar gháir a gníomhartha,
A nÍbh-Breacáin an aráin 's an fhíona,
A dTíortha-Cláin na mbánta míne,
Ag ísle is árda Mháinse is Innse,
Chill-Bhreacáin, an Chláir is Choínthe,
455 Ag cúinsig ainimhigh Thradraoi an phónra
Is fionnsaig fhalachuighe Creatalaoi an chórda.
Faire! bo claon í! tar éis a ndubhairt mé,
Ghlacfain gur saor í fé na cionnta.
Acht bheirim do'n phláig í, lá mar chín í,
460 Leacuighthe láimh le Gárus sínte,
Caithte ar an ród gan órlach fúithe
Ag gramaisg na móna ar bhóirthibh Dhúire.
M'iongantas ann ós ceann mo chéille,
Is crithim go fann le sgannradh an sgéil seo,
465 Ise bheith seang, an uair theann gach aon í,
Is druidim le clann, uair shanntaig féin é.

Is muar na grásta é ag rádh na mbriartha,
Uair ná lá níor gádh le iarradh.
Ó léaghadh ar bórd di ós comhair na gcaoinnle
470 An *tégo vós* so d'órdaig Íosa,
Gur shéid sí lacht go bleacht 'na cíochaibh
Acht nao mí beacht agus seachtmhain cinnte.
Breathain gur baoghal do'n té tá sgaoilte
Ceangal go héag fa thaobh do'n choing seo,
475 A sealbh gach saoth is éad dá shuathadh!
A naisge, mo léan! mo léaghan ní bhfuair mé.
«Is feasach dho'n taobh so dho'n tsaoghal, mar bhí mé
Sealad dom' réim is dom' laothaibh roimhe seo,
Leathadach láidir, lán do shaidhbhris,
480 Eistios le fagháil is fáilte am' thoighiolach,
Cairid a gcúirt is cumhna dlighe agam,
Ceanas is clú agus comhar na saoithe,
Tathag am' chaoint is suím is éifeacht,
Talamh is maoin ag suidheamh mo chéille,
485 M' aigineadh sítheach is m' inntin sásta —
Chaillios le mnaoi mo bhrígh is mo shláinte!
«Bo taithniomhach leabhair an crobhaire mná í,
Bhí seasamh is comm is cobhail is cnámha aice;
Casadh iona cúl go búclach troillseach,
490 Lasadh iona gnúis go lionnrach soillseach;
Cuma na hógh uirthe is sógh iona gáire
Is cuireadh iona clódh chum póige is fáilte.
Acht chreathas le fonn gan chonn, gan cháirde,
Ó bhaithios go bonn, go tabhartha a ngrádh dhi.
495 Is dearbh gan dobhta ar domhan, gur díoltas
Danartha donn dom' thabhairt ar m'aoimhleas,
D'fhearthain go tromm ar bhonn mo ghníomhartha
Ó fhlaithios le fonn, do lomm iona líon mé.
«Do snadhmanag suidhte snidhm na cléire
500 Is ceangalag sinn a gcoing le chéile.
Ghlanas gan chinnteacht suím gach éilimh,
Bhainios le baois gan ghaois an lae sin.
Cortham go leór, níor cóir mé cháineadh,
Stopas an gleó bhí ag cóip na sráide;
505 Bacaig go léir, bhí an cléirioch sásta,
An sagart ró-bhaodhach, is b'fhéidir fáith leis.

Lasamair tóirse is comharsain cruinn ann,
Leagadh ar bórdaibh mór-chuid bídh chu'in.
Clagarnach cheóil is ól gan caoimse,
510 Is chaithiodar cóisir mhórtach mhaoidhteach.
«Mo dhíth gan easbadh, nár tachtadh le biaidh mé
An oidhche baistiodh nó as-sin gur iarr mé
Síneadh ar leabain le ainis do liaith mé
Is sgaoịl le gealaig gan chairid, gan chiall mé.
515 'S é tásg do gheabhain ag óg 's ag aosta,
Gur breallán spóirt ag ól 's a' glaodhach í,
A mbotháin ósta is bóird dá bpléasgadh,
Ar lár 'na lóiste ag pósta is aonta.
B'fhada dhá mheilt a teist 's a tuairisg,
520 B'fhada gur chreid mé a bheag ná mhuar de.
Bo eagalach le gach beirt dá gcuala é,
Go rachain am' pheilt am' gheilt gan tuairisg.
«Fós, ní ghéillfin, caoch mar bhí mé,
Do ghlór gan éifeacht aon-ne' mhaoidhig é,
525 Acht magadh nó greim gan feidhm, gan chéill,
Gur aithris a broinn dom deimhin gach sgéil.
Níor cúrsaoi leamhais ná dúrdam bréige é,
Dubhairt bean liom go ndubhradh lé é.
Acht labhair a' bheart a gceart 's a néifeacht —
530 Bhronn sí mac a bhfad roimh rae orm!
Mo sgannradh sgéil, gan féith am' chroidhe air,
Clann dá dtéaghamh dham tar éis na hoidhche!
«Cullóid anafadhach ainigidh sgólta,
Bunóc ceangailte is bean a' tigh' breóite;
535 Pusóid leacuighthe ar smeachaidighe teó acu
Is cuinneóg bhainne dá greadadh le fórsa;
Is mullach ar lán-mhiais, bán-bhiaidh is siúcre,
Ag Murrain ni Cháimliaith báinliaigh an chrúca.
Do bhí coiste cruinnighthe ag tuilleadh do'n chomharsain
540 Cois na tine agus siosarnach domh-sa.
Sgaoilid cogar a bhfogas dom' eistiocht:
'Míle moladh le solus na soillse!
Bíoch nach bailioch a d'aibig an chré seo,
Chím-se an taithir 'na sheasamh, 'na chéadfadh.
545 A bhfeicion tú, a Shaidhbh rú! luigheamh a ghéaga,
A dheilibh gan droinn, a bhoill 's a mhéaraibh,

Cumas na lámh bo dána dóirne,
Cuma na gcnámh is fás na feóla.'
Acht cheapadar cruinn, gur shíolradh an duthchas
550 Maise mo ghnaoi agus íoghar mo ghnúise,
Feilleadh mo shrón is glónradh m'éadain,
Deiseacht mo chlódh, mo shnódh agus m'fhéachaint,
Leagadh mo shúil is fiú mo gháire,
Is as-sin do shiúbhail ó chúl go sála é.
555 Amharc ná raidhirc ní bhfaghain do'n chréiche,
Is bailioch gan leighios do mheillfeach gaoch é,
Ag cuidiochta an taighiolaigh a bhfeighil mo chaochta,
Siolladh dá laighiod di leighfidh an créitiúir.
«Do labharas garg is do agaras Íosa,
560 Is stollta garbh do bhagaras graoiseach.
D'fhógaras fearg le ainibhfios caointe,
Is dóch gur chreathadar cailliocha an tigh' reomham.
Ar leisge an acharain leagadar chugham é:
'Beir go hairioch air, seachain ná brúdhaig é!
565 Is furas é shuathadh, luaisg go réig é!
Turrain do fuair sí, ruaig roimh rae é.
Seachain ná fáisg é! fág 'na luighe é!
Is gairid an bás dò, is gearr do reighig sé.
Is dá mairioch go lá idir lámha iona chlódh
570 'S an sagart ar faghail, níor bh'fhearr a bheith beó.'
Do bhainios an tsnidhm dá chuibhreach comhdaig,
Bhreathain mé cruinn é sínte ar ghlún liom.
A mbuaireach, do airigh mé tathagach túnda é,
Fuair mé fearagach fearsadach lumhadhthach,
575 Láidir leathan mo leanabh 'na ghuaille,
Sála daingiona is anachuid gruaige air;
Cluasa cruinnighthe is ingini fásta,
Chruadh'dar 'uilliona, a chruibh is a chnámha;
Do aibig a shiúile is fiú a pholláirighe,
580 Is d'airigh mé a ghlúine lúchmhar láidir —
Coileán cumasach cuisleanach córach,
Fulláin fulanach fuinneamhach feólmhar.
«Sgreadaim go hárd le gáir na tíre
Is leagaim dod' láthair cás na ndaoine.
585 Breathain go caoin, is bí truaighmhéilioch,
Beannaibh a gcinn is suím a gcéille.

Arthaig an dlighe seo, coing na cléire,
Is ainic an bhuidhean nár frith 'sa' ngeibhion.
Má lagaig an siolrach daoinmhear daona
590 A dtalamh dhaith-aoibhin fhíor-ghlas Éirion,
Is furas an tír d'aithlíonadh do laochaibh
Do urasbadh a nguidhe gan bhrígh, gan éifeacht.
Cá bhfuil an gádh le gáir na bainse,
Cárta biotáille is págh lucht sainte,
595 Sumaig ar bórd go fóiseach toidhbhseach,
Glugar is gleó acu is ól dá shoigh'deadh?
Ó d'aibig an tadhbhar do bhronn mac Dé
Gan sagart ar domhan dá dtabhairt dá chéile,
Is leathanmhar láidir lánmhar léadmhar
600 Farsaing le fagháil an tálmhach saor seo.
Is minic do chím-se bríghmhear borrtha
Cumasach líonta a gcroidhe 's a gcóir iad.
Créim ní fheicim ná deille ná caoiche,
An léim ar leirthe dár hoilleadh ó mhnaoi ar bith,
605 Is mó 's is mire 's is tinne 's is tréine
A gclódh 's a gclisteacht ná dlisteanaig aon-ne'.
«Is furas a luaidhim-se d'fhuaisgilt suidhte,
Is duine acu an uair seo ar fuaid an tigh' seo.
A bhfeicion tú thall go ceannsa ciúin é?
610 Deisig anall a dteannta an bhúird é!
Breathain go cruinn é, bíoch gur b'óg é,
Is dearbhtha suidhte an píosa feóla é.
Is preabaire a dtoirt, a gcorp 's a gcnámh é,
Cá bhfuil a locht a gcois ná a láimh dhe?
615 Ni seiricioch fann ná seanndach feósach,
Leibide camm ná ganndal geóiseach,
Meall gan chuma ná sumach gan síneadh é,
Acht lannsa cumasach buinneamhach bríghmhear.
Ní deachair a mheas, nach spreas gan bhrígh
620 Bhí ceangailte ar nasg ar teasg ag mnaoi,
Gan chnáimh, gan chumas, gan chuma, gan chomm,
Gan ghrádh, gan chuman, gan fuinneamh, gan fonn.
Do sgaipfheach a mbroinn aon mhoighre mná
Le catachas droinn an groidhre breágh,
625 Mar chuirean sé a bhfeidhm gan mhoill, gan bhréig
Le cumas a bhoill is le luigheamh a ghéag,

Gur crobhaire crothadh go cortham gan cháim é
Le fonn na fola is le fortham na sláinte.
«Leis-sin ná iarr-sa, a Riaghoin réaltach,
630 Meilleadh mar iad le riaghail gan éifeacht.
Sgaoil a chodladh gan chochall, gan chuibhreach
Síol an bhodaig 's an mhoguill-fhuil mhaoidhteach;
Sgaoil fa chéile dho réir nádúra
An síolbhach séad 's an braon lábúrtha.
635 Ógair féilteach tré gach tíortha
Do óg is do aosta saor-thoil síolraig.
Cuirfig an dlighe seo gaois a nGaodhalaibh
Is tiuicfig ann brígh mar bhí iona laochaibh.
Ceapfaidh sé comm is dromm is dóirne
640 Ag fearaibh an domhain mar Gholl mac Móirne.
Gealfaig an spéir, beidh éisg a líonta,
Talamh an tsléibh' go léir fa luibh'na,
Fir agus mná go brách dá bhíthin
A' sinim do cháil le gárdas aoibhnis.»

III.

645 Tar éis bheith tamal do'n ainir ag eisteacht,
Léim 'na seasamh go tapa gan foidhne;
Labhair sí leis agus leisiomh 'na siúile
Is rabhartuighe feirige feille aice fútha:
«Dar coróin na Carraige, mur-ach le géilleadh
650 Dhod' chlódh, dhod' ainis is do easnamh do chéille
Is do amm na huirrime an chuideachta shéimh seo,
An ceann lem' ingin do sguibfin dod' chaol-sgrog,
Do leagfain anuas do thuairt fa'n mbórd thú!
Is b'fhada le luadh gach cuairt dá ngeabhain ort.
655 Stróicfin sreangaibh do bheatha le fonn ceart
Is sheólfain t'anam go *Acheron* tonntach.
«Ní fiú liom freagara freastail do thabhairt ort,
A shnúibhre fleasgaig, nach aithios do labhartha?
Acht ineósad feastain do mhaithibh na cúirte
660 An nós ionar cailliodh an ainir nár bh'fhiú thú.
Do bhí sí lag gan badh, gan púntaibh,
Bhí sí a bhfad gan teas, gan clúideamh,
Cortha dhá saoghal, ar *stray* dhá seóladh,

Ó phosta go polaer gan ghaol, gan comhangus,
665 Gan sgíoth, gan spás do lá ná do oidhche,
A' stríocadh an aráin ó mhná nár cuibhe lé.
Do gheall an fear seo dreas socamhail di,
Gheall an spreas di teas is clúideamh,
Cortham glan is badh le crúdh dhi
670 Is codladh fada ar leabain chlúimh dhi,
Tealluighe teó agus móin a daoithint
Is balluighe fód gan lóinthe gaoithe,
Fothain is díon ó an síon is ó an spéir dhi
Is olan is líon le sníomh chum éadaig.
675 «Do b'fheasach do'n tsaoghal 's do'n phéist seo láithreach,
Nach taithniomh ná téaghamh ná aon-phiuc grádh dhe
Cheangail an péarla maorga mná seo,
Acht easnamh go léir, bo déirc lé an tsástacht.
Bo dubhach an fuadar suaircis oidhche,
680 Smúid is ualach, duais is líonadh;
Lúinnighe luadh agus guaille caoile
Is glúine cruadh comh fuar le oighreadh;
Cosa feoidhte dóite ó an ngríosaig
Is colan bhreóite dhreoighte chriona.
685 An bhfuil stuaire beó ná feoidhfeach liaith
Ag cuaill dá shórt bheith pósta riamh?
Nár chuartaig fós fa dhó le bliadhain!
Ce buachail óg í, feóil nó iasg?
'S an feoidhteach fuar seo suas lé sínte,
690 Dreoighte duairc, gan bhuadh, gan bhíodhgadh.
Óch! cá ar mhuar dhi bualadh bríghmhear
Ar nós an diabhail dhá uair gach oidhche!
«Ní dóch ġo dtuigir gur b'ise bo cionntach,
Ná fós go gcliseach ar luige le tunndacht,
695 An meighre masgalach carthanach ciúin-tais,
Is deimhin go bhfaca sí a mhalart do mhúnadh.
Ní labharthach fochal, dá mb'obair an oidhche,
Is thabharthach cortham do stollaire bríghmhear;
Go brách ar siubhal níor dhiúltaig riamh é
700 Ar chnáimh a chúil 's a siúilibh iadhta.
Ní thabharthach preab le stailc mhíchíosach,
Fogha mar chat ná sraic ná sgríob air,
Acht í go léir 'na slaod comh sínte

Taobh ar thaobh 's a géag 'na thimpchioll,
705 Ó sgéal go sgéal a' bréagadh a smaointe,
Béal ar bhéal 's a' méaruigheacht síos air.
Is minic do chuir sí a cos dtaobh nún de
Is chimil a *brush* ó chrios go glún de;
Sgiobach an phluid 's a' chuilt dá ghúnga,
710 A' spriongar 's a' sult le muirt gan subh'chas.
Níor cabhair dhi cuigilt ná cimilt ná fásgadh,
Fogha dhá huillin, dá hingin, ná a sála.
Is nár domh aithris mar chaithioch sí an oidhche,
A' fásgadh an chnaiste 's a' searradh 's a' síneadh,
715 A' feacadh na ngéag 's an téadach fúithe,
A ballaibh go léir 's a déid ar lúith-chrith,
Go luinnir an lae gan néal do dhubhadh uirthe,
Ag imirt ó thaobh go taobh 's ag ionnfairt.
Nach furas do'n lobhar seo labhairt ar mhná,
720 Is gan fuinneamh 'na chomm ná cabhair 'na chnámha!
«Má d'imig an mhodhamhail bhí tromm 'na ghádh
'S gur deineadh an fhoghail seo, gabhaim-se a páirt.
A bhfuil sionach ar sliabh ná iasg a dtráig
Ná fiolar le fiadhach ná flaig le fán,
725 Comh fada gan chiall le bliadhain ná lá
Do chathamh gan biaidh 's a bhfiadhach le fagháil?
An aithne díbh féin 'sa' tsaoghal so, cá 'uil
An tainimhidh claon ná 'n féithidh fáin,
Do phiocach an chré ná an fraoch ná an fál,
730 Is fiorthan go slaodach is féar le faghàil?
Aithris gan mhoill, a chloidhre chráidhte,
Freagair mé! faghaim-se feidhm ad' ráidhte.
Cá bhfuil do dhíth a' suidhe chum béile
Ar cathadh le mí aice a dtíoghas na féile?
735 An lioghaide an chúil nó an lughaide an láithir,
Fiche milliún má shiubhail le ráithche ann?
Mairig ad' cheann, a sheanndaig thúnda!
An eagal leat ganntan amm do dhúla?
An dóch, a ghliogaire buile, gur baoghal leat
740 Ól na Sionaine tirim nó a taosgadh,
Trágh na farraige is tarraint a' tsáile
Is clár na mara do sgaipeadh le sgála?
Breathain a namm ar leamhas do smaointe

Is ceangail do cheann le bannda timpchioll!
745 Seachain a dtráith ná fág do chiall
Le eagala mná bheith fáilteach fial:
Dá gcaithioch sí an lá le cách dá riar,
Beidh tuilleadh is do sháith-se ar fagháil 'na ndiag.
«Mo chumha, mo chrádh! bo bhreágh sin éad
750 Ar lúbhaire láidir lánmhar léadmhar,
Shanntach sháiteach shásta sheasamhach,
Reammsach reáflach reábach reabairneach,
Lasgaire luaimhneach, cuairteóir cuímseach,
Balchaire buan nó buailteóir bríghmhear —
755 Acht seanduine seannda crannda créimioch,
Feamaire fann is feamm gan féile!
«Is mithid dom' chroidhe bheith líonta dho léithe,
Is m' iongantas trídh gach smaointe baotha,
Cad do bheir sgaoilte ó chuibhreach céile
760 A neagalais sínsir suím na cléire?
Mo chrádh gan leighios! mo threighid dom' fhásgadh!
Is láidir m'fhaidhne is laighead mo ráige
Is méad a mbíom ar díth gan aon-ne'
Is mian ár gcroidhe fa shnidhm na héide.
765 Is bocht a' radhairc do mhaighdin ghádhmhar
Toirt is toidhbhse a mboill 's a mbreághadh,
Blosga a naghaidh agus soillse a ngáire,
Corp is coim is toill ar táimh-chrith,
Úireacht, áilleacht, bláith is óige,
770 Reamhadas cnámh is meádhachant feóla,
Martus tromm is dromm gan suathadh,
Neart gan dobhta is fonn gan fuaradh.
Bíon sealbh gach sógh acu ar bhórd na saoithe,
Arradh agus ór chum ól is aoibhnis,
775 Clúmh chum luighe acu is soill chum bídh acu,
Plúr is meilseacht, meidhir is fíonta.
Is gnáthach cumasach iomadach óg iad
Is tá fhios againe, gur fuil is gur feóil iad.
«Cumha ní ghlacfain le cafairighe cioillte,
780 Snúibhrighe galair ná saraig gan soillse,
Acht márluighe bodacha, tollairighe tréana
A' dámhaoil chodlata is obair gan déanamh.
Creidim gan bhréig, gur mhéin le roinnt díobh

Feilleadh le féile, daor ní bhein-se.
785 Cortham ní cóir an tórd le chéile
Chrochadh le córda, ghabhail 's do dhaoradh.
Bás na droinge go dimhin ní ghráidhfin,
Lán na loinge chum duine ní bháidhfin.
Cuid acu bíoch gur ríocaig riamh iad
790 Is cuid acu bhíos gan ríomh gan riaghail leó,
Cinntig chruadh gan truagh, gan tréithe,
Fíochmhar fuar is fuaith dho bhéithe.
Tuilleadh acu atá níos fearr ná a chéile,
Tuilte le grádh is le grásta féile.
795 Is minic a bhuaidhtear buadhaibh is gréithe,
Cuigion is cruach do chuairt na cléire.
Is minic lem' chuimhne maoidheag a dtréithe
Is iomad a ngníomhartha fír-ghlic féithe.
Is minic do chuala ar fuaid na tíre
800 Siosarnach luaith dá luadh go líonmhar;
Is chonairc mé toidhbhseach roinnt dá rammsa
Is imhir dá gcloinn ar shloinnte fallsa.
Bainion sé fásgadh as lár mo chléibh-se,
A gcaithtear dá sláinte ar mhná treas-aosta.
805 «Is turran 'sa' tír chum díth na mbéithe
Ar cuireadh gan bhrígh dho'n tsiolrach naomhtha.
Is dealabh an diachair dian-ghuirt d'Éire
Ar chailliomair riamh le riaghail gan éifeacht.
Fágaim fút-sa, a chnú na céille,
810 Fáith na cúise is cumha na cléire.
Is meallta meillte luighid dom' dhóigh-se,
Is dall gan radharc mé, soillsig m'eólas!
Aithris, ó is cuimhin leat caoint na bhfáige
Is abhstoil an Rígh bo bhíodhacach ráidhte,
815 Cá bhfuil na comhachta d'órdaigh an Dúileamh
Is calcadh na feóla a gcoróin na cumha seo?
